| | |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council | **Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC**<br>**27th November 2023**<br>**Item No. 17** |

**Miontuairiscí Fochoiste Gaeilge den CBS – 13 Deireadh Fómhair 2023 ag 3.00 p.m.ar Zoom**

**I Láthair:** Comhairleoir Micheál Mac Donncha (Cathaoirleach), Comhairleoir Naoise Ó Muirí, Micheál Ó Nualláin (BÁCleG), Julian de Spáinn (CnaG), Orla Mc Morrow, Ray Yeates, Donncha Ó Cathasaigh, Daithí de Buitléir

**Miontuairiscí aistrithe ó thaifeadadh Zoom ar an gcruinnithe ag Orla McMorrow**
**Clár**

1. **Miontuairiscí (cruinniú deiridh)**
2. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí**
3. **BÁC le Gaeilge / Lá Mór na Gaeilge,** (Mícheál Ó Nualláin**)**
4. **Gaeilge 365 -** (Ray Yeates, Daithí de Buitléir)
5. **Leathnú ballraíocht an choiste**
6. **Plean forbartha nua agus ainmniú forbairtí nua trí Ghaeilge**
7. **Cruinnithe rialta den bhFochoiste Gaeilge - Amchlár**

1. **Miontuairiscí** - Glacadh leis na Miontuairiscí

2. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí** – Ní raibh aon ní le plé.

**3. Lá Mór na Gaeilge, 2024**

Thug Mícheál Ó Nualáin tuairisc. ón aiseolas, moltaí a léiríodh indhiaidh LMnaG na bliana seo agus ag an gcruinniú i dTeach an Ardmhéara is léir go bhfuil:

- athrú suímh de dhíth ó Chearnóg Parnell go dtí Margadh na Feirme de bharr easpa faoisimh ón aimsir . Tá go leor foscadh agus spás ann do pháistí agus is spás an-oscailte i Margadh na Feirme. Déanfar airgead a shábháil toisc nach gá an bhóthar a dhúnadh agus ní bheidh plean tráchta le chur le chéile .
- Ní mór Banna ceoil aitheanta ar fháil don lá le bheidh mar ambasadóirí don lá agus le daoine óga a mhealladh chun teacht isteach go dtí an ócáid.
- Athrú dáta de dhíth de bharr deacrachtaí a bhaineann le deireadh seachtaine saoire bainc. Moltar *28 Aibreán 2024* ar bhonn triallach (tá an dáta seo fós le le deimhniú).
-

Tá MÓN le casadh ar Steph Farrell (a bhí ag obair linn ar LMnaG le dhá bhliain anuas) le motaí agus eolas faoin bpleanáil imeachtaí agus costasaí a phlé.

**DH** – sásta athrú go Margadh na Féirme. Ní raibh sí sásta an dáta a athrú. Mhol sí go mba chóir comhlacht bainistithe imeachtaí a úsáid agus más gá airgead a lorg ón bPríomhfheidhmeanach. Mhol sí go mbeadh níos mó bialanna ar fáil ar an lá agus daltaí scoile le Gaeilge fháil chun cabhrú ar an lá.

**NOM –** sásta athrú go Margadh na Féirme. Ceist faoi foirgneamh ar fáil.

**JdeS –** Dúirt sé nach mbeidh Margadh na Feirme ar fáil don deireadh seachtaine saoire bainc agus is gá an dáta a athrú má táimid le húsáid a bhaint as an suíomh sin. Moladh go mba ceart triail a bhaint as dáta agus suíomh nua.

**MMcD** – sásta triail a bhaint as athrú suíomh agus dáta.

**RY** – Tá daoine agus seirbhísí in úsáid againn le dhá bliain anuas a cuireann an aire a thabhairt do bhonneagar agus sábháilteacht ar fáil don imeacht agus díríonn BÁC le Gaeilge isteach ar na h-imeachtaí agus bolscaireacht a chur ar fáil. Creideann sé go dtiocfaidh meadú ar an gcostas toisc go mbeidh muid ag iarradh clár níos mó i spás níos mó a chur ar fáil.

**BÁC le Gaeilge:**

Thug Mícheál Ó Nualáin tuairisc ar gnéithe a d'eascair as an gcruinniú choiste comhairleach BÁC le G agus cruinniú 13/09/23 le MÓN; DdeB & DOC.

- Cuir chuige agus módhanna ag Gnólachtaí , feiceáileacht agus cloisteáil na Gaeilge a chur chun cinn – 10 siopa le haimsiú ar bhonn triallach mar eisimleáir; an scéal a scaipeadh, le monatóireacht ceart a cur i bhfeidhm ionas go mbeidh an seirbhísí Gaeilge céanna curtha ar fáil in sna comhlachtaí éagsúla.
- 5 modhanna a úsáid chun an seirbhís Gaeilge a fhógairt in sna gnólachtaí seo. Bolscaireacht éagsúla. Sprioc atá le seo ná na deiseanna cainte agus idirghníomhaíochta trí Ghaeilge a mhéadú sa Chathair

**4. Gaeilge 365 -** (Ray Yeate)
Labhair Ray faoin gceist conas an Ghaeilge a chur ar fáil ar slí nuálaíochta go hinmheánach taobh istigh den Chomhairle agus luaigh sé an airgead a bhí curtha ar leath taobh ó Éire Ildeánach chun go n-úsáidfí an Ghaeilge go cruthaíoch in san Chomhairle agus in obair na Comhairle. Trí plé le Julian de Spáinn (CnaG) tá Daithí de Buitléir anois ag obair leis an gComhaile ón gConradh agus tá clár píolótach a mhairfidh 9 mí, curtha le céile aige le trí seachtaine anuas.

Thug DdeB cur i láthair ar powerpoint maidir le **Gaeilge365** – *ag treisiú tionchar seirbhísí an Chomhairle le cruthaitheacht chun cur le líon na gcainteoirí Ghaeilge laethúil i mBÁC*. Clár oiliúna (3 mhí) a dhíríonn ar ceannaireacht agus cruthaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne na Comhairle ionas gur féidir leo ansin an Ghaeilge a chur chun cinn in a réimse oibre féin.

**Gníomh –** RY leis an doiciméad power point a scaipeadh ar an gcoiste tar éis na cruinnithe.

**DH** - D'arding DH ceist faoi oíche soisialta Ghaeilge do fhostaithe an Chomhairle. Bhí plé bheag ar seo agus luaigh RY go bhféadfaí oíche den sort sin a eagrú ag seoladh an chúrsa oiliúna nó ag a deireadh.

**5. Leathnú bailríocht an fhochoiste** –
D'ardaigh an Cathaoirleach ceist faoi baill breise.

**Gníomh** - OmcM le mearúcháin a sheoladh chuig Brendan Teeling sna Leabharlanna le duine a ainmniú don choiste seo.

**DOC** - ag dul ar scor Mí Feabhra 2024 ach sásta fanacht ar an bhfochoiste ina dhiaidh. D'aontaigh an choiste le sin.

**6. Plean forbartha nua agus ainmniú forbairtí nua trí Ghaeilge**
D'ardaigh JdeS ceist faoin bPlean Forbartha nua agus an córas atá á chur ar bun ionas gur féidir *ainmneacha Gaeilge amháin* a leagan ar tógáil tithíochta nua i bhfeidhm. Dúirt OMcM go ndéanfadh sí eolas a scaipeadh ag an gcéad cruinniú eile le míniú a thabhairt ar an gcóras

mar atá sé faoi láthair agus na deachtraí a bhaineann leis. Luaigh JdeS go mbeadh sé sásta cabhrú más féidir agus mhol sé an choras atá in úsáid ag Gaillimh le Gaeilge leis na deacrachtaí sin a sharú. (Coiste logainmneacha a bhunú).

7. **Cruinnithe rialta den bhFochoiste Gaeilge –**

D'iarr an Cathaoirleach orainn cruinniú a eagrú gach dara mhí ó a eagrú ó seo go dtí Mí Aibreán. 'Sé sin cruinniú den bhFochoiste a eagrú do Mhí na Nollag, Mí Feabhra agus Mí Aibreán.
Dátaí deimhneach le heagrú amach anseo.